Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**10105/24**

**JAI 831**
**COPEN 257**
**ENFOPOL 294**
**EUROJUST 38**
**CORDROGUE 81**
**CATS 57**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9999/24 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Coinneáil ar mionscála: díriú ar athshlánú sóisialta agus ar athimeascadh sa tsochaí' |

Ag an gcruinniú a bhí aici an 13-14 Meitheamh 2024, ghlac an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) sraith conclúidí ón gComhairle maidir le 'Coinneáil ar mionscála: díriú ar athshlánú sóisialta agus ar athimeascadh sa tsochaí'. Leagtar amach san Iarscríbhinn an téacs mar a d'fhormheas an Chomhairle é.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**

**'Coinneáil ar mionscála: díriú ar athshlánú sóisialta agus ar athimeascadh sa tsochaí'**

**Réamhrá**

a) Le Clár na Háige 2004 agus Clár Stócólm 2009 aithníodh gur réimse tábhachtach de bheartas ceartais an Aontais iad coinneáil agus roghanna malartacha uirthi.

b) Is í príomhthosaíocht Chlár Oibre Straitéiseach 2019-2024, a ghlac an Chomhairle Eorpach an 20 Meitheamh 2019, saoránaigh agus saoirsí a chosaint. Chuige sin, ba cheart don Aontas Eorpach cearta agus saoirsí bunúsacha a chuid saoránach a chosaint, mar a aithnítear sna conarthaí iad, agus na saoránaigh a chosaint ar bhagairtí atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn. I bhfianaise an mhéid sin, ní mór an comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus na coireachta trasteorann a leathnú agus a neartú.

c) I dtuarascáil bhliantúil Europol maidir le staid agus treochtaí na sceimhlitheoireachta san Aontas (TE-SAT), tugadh le fios go bhféadfadh daoine faoi choinneáil a bheith ina spriocghrúpa do líonraí earcaíochta sceimhlitheoireachta agus coireachta eagraithe[1]. Is den ríthábhacht dul i ngleic go gníomhach leis an bhfeiniméan seo.

d) Tacaíonn Clár Oibre Straitéiseach 2019-2024 freisin le hathrú i dtreo todhchaí níos glaise, níos cothroime agus níos cuimsithí. Léirítear na tosaíochtaí trasearnálacha sin trí aghaidh a thabhairt ar na cineálacha éagsúla coinneála ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht agus leis an imeascadh sóisialta.

---

**1** Tuarascálacha Europol 2022 agus 2023 maidir le staid agus treochtaí na sceimhlitheoireachta san Aontas.

e) Is traidisiún seanbhunaithe de chuid Chomhairle na hEorpa é aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le coinneáil agus tá an-chuid eolais faighte aici sa réimse sin. Déanann an Coiste Eorpach chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc (CPT) measúnú ar an tslí a gcaitear le daoine atá faoi choinneáil agus foilsíonn sé tuarascálacha agus moltaí rialta chun an urraim dá gcearta bunúsacha a neartú.

f) Sna conclúidí uaithi maidir le feabhas a chur ar fhreagairt an cheartais choiriúil ar an radacú a bhfuil an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach mar thoradh air[2], a glacadh an 20 Samhain 2015, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún na hacmhainní airgeadais is gá a leithdháileadh mar ábhar práinne chun obair leantach a dhéanamh ar na conclúidí sin ón gComhairle, go háirithe chun tacú le forbairt clár athshlánúcháin chomh maith le huirlisí measúnaithe riosca chun an fhreagairt is iomchuí atá le tabhairt tríd an gceartas coiriúil a chinneadh, agus imthosca aonair agus ábhair imní maidir leis an tslándáil agus an tsábháilteacht phoiblí á gcur san áireamh.

g) I mbreithiúnas Aranyosi/Căldăraru[3] an 5 Aibreán 2016 agus sna breithiúnais leantacha a thug sí ina dhiaidh sin, d'aithin Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a thábhachtaí atá dálaí coinneála i gcomhthéacs an aitheantais fhrithpháirtigh agus oibriú Chinneadh Réime 2002/584/CGB maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach[4].

h) Tá béim leagtha arís agus arís eile ag an Aontas Eorpach ar an tábhacht a bhaineann le hathimeascadh agus le próisis athshlánaithe, i gcomhréir le cearta bunúsacha[5].

---

2 Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar fhreagairt an cheartais choiriúil ar an radacú a bhfuil an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach mar thoradh air, 14350/15.

3 Breithiúnas an 5 Aibreán 2016 i gCásanna Uamtha C-404/15 agus C-659/15, Aranyosi agus Căldăraru, AE:C:2016:198.

4 Cinneadh Réime ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit, IO L 190, 18.7.2002, lgh. 1-20.

5 Féach, mar shampla, Cinneadh Réime 2008/909/CGB ón gComhairle maidir le pianbhreitheanna coimeádta, aithris 9 agus Airteagal 4(2) maidir leis an athshlánú sóisialta mar cheann d'aidhmeanna an Chinnidh Réime sin.

i) Sa rún uaithi an 5 Deireadh Fómhair 2017 maidir le córais agus dálaí príosúin[6], d'iarr Parlaimint na hEorpa ar na Ballstáit tosaíocht a thabhairt d'aonaid bheaga ina bhfuil cóiríocht do líon srianta daoine atá i bpríosún chun atitimeachas a chosc agus athimeascadh sa tsochaí a spreagadh.

j) Sna conclúidí ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach a chur chun cinn trí mhuinín fhrithpháirteach a fheabhsú[7], a glacadh an 7 Nollaig 2018, moladh do na Ballstáit úsáid a bhaint as bearta malartacha de rogha ar an gcoinneáil d'fhonn an daonra ina saoráidí coinneála a laghdú, agus ar an tslí sin aidhm an athshlánú shóisialta a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar an bhfíoras gur minic a chuirtear isteach ar mhuinín fhrithpháirteach mar gheall ar dhroch-choinníollacha coinneála agus mar gheall ar fhadhb na saoráidí coinneála plódaithe.

k) Sna conclúidí ón gComhairle maidir le bearta malartacha de rogha ar an gcoinneáil[8], a glacadh an 3 Nollaig 2019, moladh do na Ballstáit an plódú i bpríosúin a chomhrac agus athimeascadh ciontóirí sa tsochaí a chur chun cinn, agus an tionchar ar laghdú an atitimeachais agus baol an radacaithe sa phríosún á gcur san áireamh. Sna conclúidí sin uaithi, thug an Chomhairle dá haire go rannchuidíonn na smachtbhannaí agus na bearta coiriúla a úsáidtear, mar aon leis an tslí a ndéantar iad a fhorfheidhmiú, le hathchiontú a chosc agus go mbíonn éifeacht acu, dá bhrí sin, ar an tslándáil sa tsochaí.

l) Cuireadh in iúl sna conclúidí sin gur bealach úsáideach é dea-chleachtais a chomhroinnt chun gur féidir leis na Ballstáit foghlaim óna chéile agus a reachtaíocht, a nósanna imeachta agus a gcleachtais féin a fheabhsú. Ina theannta sin, féadfaidh an tAontas leas a bhaint as comhar níos dlúithe le Comhairle na hEorpa agus le heagraíochtaí ábhartha eile.

---

6 Rún an 5 Deireadh Fómhair 2017 ó Pharlaimint na hEorpa maidir le córais agus dálaí príosúin, IO C 346, 27.9.2018, lgh. 94-104.

7 Conclúidí ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach in ábhair choiriúla — 'Aitheantas frithpháirteach a chur chun cinn trí mhuinín fhrithpháirteach a fheabhsú', IO C 449, 13.12.2018, lgh. 6-9.

8 Conclúidí ón gComhairle maidir le bearta malartacha de rogha ar an gcoinneáil: úsáid smachtbhannaí agus beart neamhchoimeádta i réimse an cheartais coiriúil, IO C 422, 16.12.2019, lgh. 9-13.

m) Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 7 agus an 8 Deireadh Fómhair 2021, léiríodh sa phlé tiomantas comhpháirteach na n-airí leanúint d'fheabhas a chur ar dhálaí coinneála, bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha.

n) Más iomchuí, ba cheart do na Ballstáit, don Choimisiún, do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta (FRA), do Eurojust, don Ghréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair choiriúla agus do chleachtóirí a oibríonn ar bhonn laethúil le hionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh i réimse chailleadh na saoirse, ba cheart dóibh a ndícheall a dhéanamh, más iomchuí, teacht ar réitigh ar dhúshláin reatha agus iad a chur chun feidhme, lena n-áirítear chun straitéisí athshlánaithe agus athimeasctha a fheabhsú.

o) Tacaíonn Eagraíocht Eorpach na Seirbhísí Príosúin agus Ceartúcháin (EuroPris) le lucht déanta beartas i gcáil chomhairleach maidir le hábhair a bhaineann le príosúin. Forbraíonn sé caidreamh agus malartaíonn sé faisnéis freisin le heagraíochtaí eile atá ag obair i réimse an cheartais choiriúil d'fhonn dea-chleachtas a fhorbairt sa réimse. Léiríonn rialacha EuroPris go rannchuidíonn modh oibre atá bunaithe ar chaidreamh arna fhorbairt idir baill foirne agus daoine sa phríosún trí chumarsáid agus idirghníomhaíocht le sábháilteacht, slándáil agus dea-ord a áirithiú, agus go gcuireann sé le hathshlánú agus leis an ullmhúchán don scaoileadh saor.

p) Le bunachar sonraí FRA maidir le coinneáil choiriúil, a seoladh i mí na Nollag 2019, tugtar forléargas ar dhálaí coinneála i ngach Ballstát, agus is uirlis é atá inrochtana don phobal agus úsáideach d'údaráis bhreithiúnacha a bhfuil ceisteanna acu maidir le dálaí coinneála.
I dtuarascáil FRA dar teideal *Criminal detention conditions in the European Union: rules and reality* [Dálaí coinneála coiriúla san Aontas Eorpach: na rialacha agus an fhírinne], leagtar amach rogha íoschaighdeáin coinneála coiriúla sna Ballstáit.

q) An 8 Nollaig 2022, ghlac an Coimisiún Moladh maidir le cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe atá faoi réir coinneáil réamhthrialach agus maidir le coinníollacha coinneála ábhartha[9].

---

[9] Moladh (AE) 2023/681 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2022 maidir le cearta nósanna imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe atá faoi réir coinneáil réamhthrialach agus maidir le coinníollacha coinneála ábhartha, *IO L 86, 24.3.2023, lgh. 44-57.*

r) I dteannta íoschaighdeáin maidir le dálaí coinneála i gcomhréir le cearta bunúsacha, molann an Coimisiún do na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh in athshlánú sóisialta daoine faoi choinneáil, agus a riachtanais aonair á gcur san áireamh. Chun cuidiú le daoine atá faoi choinneáil ullmhú dá scaoileadh agus chun a n-athimeascadh sa tsochaí a éascú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go mbeidh rochtain ag gach duine atá faoi choinneáil ar chláir oideachais atá sábháilte, cuimsitheach, inrochtana, a fhreastalaíonn ar a riachtanais aonair agus chuireann a mianta san áireamh.

s) Le clár 18 mí na Comhairle a chumhdaíonn an tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 31 Nollaig 2024, tugtar tús áite don chomhar breithiúnach, d'fheabhas a chur ar éifeachtúlacht agus athléimneacht fhoriomlán na gcóras ceartais, agus do chomhrac an bhaoil a bhaineann leis an eisiamh sóisialta do na daoine is leochailí nó is mó atá i mbaol eisiaimh, i gcomhthéacs chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

t) Ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag an gComhairle Ceartas agus Gnóthaí Baile an 26 Eanáir 2024, chuir na Ballstáit in iúl go raibh siad toilteanach tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar shaoráidí coinneála ar mionscála.

u) Sa Siompóisiam Eorpach maidir le Tithe Coinneála an 20 agus 21 Márta 2024, a d'eagraigh an líonra RESCALED[10] faoi choimirce Uachtaránacht na Beilge, díríodh ar choinneáil ar mionscála agus ar thithe coinneála. Le linn an tsiompóisiam, léiríodh go gcuireann coinneáil ar mionscála le muintearas agus le lánpháirtiú sóisialta agus go bhféadfadh ráta atitimeachais níos ísle a bheith mar thoradh uirthi. Dá bhrí sin, rannchuidíonn na cineálacha coinneála sin le pobail a dhéanamh níos sábháilte agus leis an gcoiriúlacht a laghdú.

---

10 Is eagraíocht líonra Eorpach é RESCALED a bhfuil comhaltaí aige san Ostair, sa Bheilg, sa Chróit, sa tSeicia, san Fhionlainn, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, in Éirinn, sa Chosaiv, i Málta, san Ísiltír, san Iorua, sa Phortaingéil, sa Rómáin agus sa Spáinn. Tá oifigí náisiúnta ag RESCALED i sé thír: an Bheilg, an tSeicia, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Iorua agus an Phortaingéil. Tacaíonn na hoifigí náisiúnta, na comhaltaí agus na heagraíochtaí comhpháirtíochta éagsúla le cur chun feidhme tithe coinneála ar a mbealach féin.

v) Na saoránaigh atá i bpríosún, agus a bhí i bpríosún roimhe seo, is daoine an-leochaileacha iad maidir le heisiamh sóisialta agus baineann spriocanna 2030 a leagtar síos i réimsí na fostaíochta, scileanna agus laghdú na bochtaineachta i bPlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta leo freisin.

w) Tá an choinneáil fós ina huirlis fhíor-riachtanach inár gcórais cheartais choiriúil. Comhlíonann cineálacha éagsúla coinneála nó cineálacha éagsúla saoráide na ceanglais agus na riachtanais ar leith atá ag grúpaí éagsúla daoine faoi choinneáil, ag brath ar raon critéar, e.g. a n-aois, a n-inscne, a n-imthosca socheacnamaíocha, cineál an chiona a rinneadh, toradh measúnaithe riosca, an caidreamh leis an íospartach, agus cé acu atá nó nach bhfuil an duine faoi choinneáil réamhthrialach nó an bhfuil pianbhreith choimeádta á cur isteach aige. D'fhéadfadh athrú a theacht freisin ar an timpeallacht choinneála is iomchuí le linn na tréimhse coinneála.

x) Is léir ón taighde fairsing agus dea-chleachtais atá i mBallstáit éagsúla cheana féin gur féidir le saoráidí coinneála ar mionscála cur chuige aonair ó thaobh athshlánú sóisialta de a mhúnlú, caidrimh aonair a chothú agus idirghníomhaíochtaí sóisialta a mhúnlú, agus tús áite a thabhairt don fhreagracht agus rannpháirtíocht fhrithpháirteach a fhorbairt trí lánpháirtiú sa phobal áitiúil. Ba cheart saoráidí coinneála ar mionscála a thuiscint mar struchtúir nach féidir an líon céanna daoine a thógáil agus a dhéanfadh príosúin ar mórscála. D'fhéadfadh buntáiste a bheith ag baint leis sin ó thaobh timpeallacht mhaireachtála, slándáil dhinimiciúil agus cuimsiú sóisialta de, agus, dá bhrí sin, atmaisféar níos fearr le haghaidh athimeasctha. Tuigfear tithe coinneála – ar cineál tithe coinneála ar mionscála iad – mar shaoráidí ar mionscála, coinneáil dhealaithe, coinneáil atá comhtháite sa phobal a bhfuil cláir oiriúnacha acu lena ndírítear ar athshlánú sóisialta agus ar athimeascadh, agus riachtanais aonair á gcur san áireamh agus béim á leagan ar neamhspleáchas a fhorbairt agus ar fhreagracht a ghlacadh.

y) Ba cheart fáilte a chur roimh shaoráidí coinneála ar mionscála atá sna Ballstáit cheana agus roimh an dul chun cinn atá déanta cheana sa réimse sin.

z) Is fusa sochaí cuimsitheach a chruthú i saoráidí coinneála ar mionscála trí chineálacha cur chuige nuálacha lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shóisialta, mar a dtugtar tosaíocht dóibh sa Chlár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht ón gCoimisiún Eorpach.

aa) Féadann saoráidí coinneála ar mionscála cabhrú le hatitimeachas a chosc, athshlánú sóisialta agus athimeascadh daoine atá faoi choinneáil a áirithiú, agus cabhrú le pobail níos cuimsithí a thógáil.

<u>**Conclúidí ón gComhairle**</u>

**Breithnithe ginearálta:**

1. Tá ról lárnach ag na Ballstáit agus ag an Aontas Eorpach maidir le cearta bunúsacha a chosaint, lena n-áirítear cearta daoine atá faoi choinneáil.

2. Athdhearbhaítear an aidhm maidir le hathshlánú sóisialta agus athimeascadh daoine atá faoi choinneáil agus a bhfuil pianbhreith choimeádta á cur isteach acu a chur chun cinn.

3. Tá ról tábhachtach ag an athshlánú sóisialta chun daoine atá faoi choinneáil a athimeascadh go rathúil sa tsochaí, agus is lú an seans go ndéanfar athchiontú dá bharr.

4. D’fhéadfaí a mheas gur freagairt fhéideartha ón gceartas coiriúil ar an radacú é infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt clár athshlánúcháin, agus imthosca aonair daoine atá faoi choinneáil á gcur san áireamh.

5. Féadann coinneáil ar mionscála dálaí oibre na mball foirne i saoráidí coinneála agus cáilíocht saoil daoine atá faoi choinneáil araon a fheabhsú, agus cabhrú le timpeallacht chuiditheach le haghaidh athimeasctha a chruthú.

6. Ina theannta sin, d’fhéadfadh saoráidí coinneála ar mionscála rannchuidiú le hurraim do chearta bunúsacha a chothú agus braistint slándála i saoráidí coinneála a mhéadú.

7. Áit a mbíonn idirghníomhaíocht urramach agus chuiditheach le daoine faoi choinneáil agus eatarthu cuirtear le forbairt freagrachta agus neamhspleáchais agus le lánpháirtiú sa phobal áitiúil.

8. Is féidir le saoráidí coinneála ar mionscála a thugann treoir i dtaobh filleadh ar an tsochaí, mar shlí amháin chun athshlánú sóisialta agus athimeascadh a éascú, rannchuidiú le héifeachtaí diúltacha na coinneála agus an baol go ndéanfar athchiontú a íoslaghdú.

9. Tá rannpháirtíocht an phobail ina iomláine agus comhar na n-institiúidí lasmuigh den chóras ceartais choiriúil ríthábhachtach chun athimeascadh a bhaint amach agus chun athchiontú a chosc.

10. Agus iniúchadh á dhéanamh ar úsáid agus ar thairbhí coinneála ar mionscála, tá sé tábhachtach aird a thabhairt ar shainiúlachtaí agus ar ghnéithe sonracha na mBallstát, lena n-áirítear córais éagsúla dlí agus roghanna éagsúla beartais.

**Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

11. Fiosrú breise a dhéanamh ar raon agus ar thairbhí féideartha a bhaineann le cineálacha coinneála ar mionscála, coinneáil dhealaithe agus coinneáil atá comhtháite sa phobal, lena n-áirítear tithe coinneála, i gcomparáid le hinstitiúidí móra príosúin.

12. Feasacht a mhúscailt maidir leis na tairbhí a d’fhéadfadh a bheith ag baint le coinneáil ar mionscála, lena n-áirítear tithe coinneála.

13. I gcás inarb iomchuí, féachaint an bhféadfaí úsáid a bhaint as coinneáil ar mionscála agus cineálacha malartacha eile coinneála a éascaíonn athshlánú sóisialta daoine atá faoi choinneáil, d’fhonn ciontóirí a ullmhú ar bhealach níos fearr don athimeascadh sa tsochaí agus cabhrú le hathchiontú a chosc.

14. Féachaint an bhféadfaí, i gcás inarb iomchuí, úsáid a bhaint as saoráidí coinneála ar mionscála chun críoch coimeádta, lena n-áirítear tithe coinneála, agus é mar aidhm leis tionchair dhiúltacha na coinneála a theorannú, agus treoir níos fearr a áirithiú do dhaoine atá i bpríosún agus iad ag filleadh ar an tsochaí.

15. I gcás ina n-úsáidtear saoráidí coinneála ar mionscála, critéir roghnúcháin a bhunú do dhaoine faoi choinneáil, ar nós cineál an chiona a rinneadh, toradh measúnaithe riosca agus ábhair spéise na n-íospartach. I gcomhréir leis an reachtaíocht agus leis na cleachtais náisiúnta, d’fhéadfaí coinneáil ar mionscála nó cineálacha malartacha coinneála a mheas do dhaoine leochaileacha ar nós daoine atá faoi mhíchumas, mná le linn toirchis agus tar éis luí seoil, leanaí os cionn aois na freagrachta coiriúla agus daoine fásta óga.

16. A marana a dhéanamh ar ghnéithe digiteála a chur chun feidhme sna saoráidí coinneála ar mionscála, agus, i gcás inarb iomchuí, tar éis measúnú riosca a dhéanamh agus ábhair spéise íospartach a mheas, féachaint le cumarsáid trí mhodhanna digiteacha a chumasú ionas go bhféadfadh daoine atá faoi choinneáil a bheith i dteagmháil lena muintir, a neamhspleáchas chun iarratas a dhéanamh ar phoist nó leanúint dá bpoist a fheabhsú, cúrsaí oiliúna a dhéanamh nó cóiríocht a lorg mar ullmhúchán lena scaoileadh saor.

17. Dea-chleachtais maidir le húsáid coinneála ar mionscála a mhapáil agus an fhaisnéis sin a roinnt leis na hinstitiúidí agus na gníomhaireachtaí ábhartha san Aontas Eorpach agus sna Ballstáit eile.

18. Na moltaí a leagtar amach sa Mholadh thuasluaite ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2022, a chur san áireamh.

19. Féachaint ar choinneáil ar mionscála, lena n-áirítear tithe coinneála, mar bhealach chun pobail a dhéanamh níos cuimsithí, rud a rannchuideoidh ar deireadh le todhchaí níos cothroime agus níos cuimsithí do dhaoine atá faoi choinneáil.

20. Oiliúint spriocdhírithe ar mhodhanna oibre, eitic ghairmiúil agus nósanna imeachta gairmiúla a chur ar fáil do bhaill foirne agus do chleachtóirí i saoráidí coinneála ar mionscála chun slándáil níos fearr, idirghníomhaíocht níos fearr leis na daoine atá faoi choinneáil agus ullmhúchán níos fearr d’athshlánú sóisialta agus d’athimeascadh sa tsochaí a áirithiú.

21. I gcás inarb iomchuí, deiseanna a thabhairt do dhaoine atá faoi choinneáil i saoráid coinneála ar mionscála obair de chineál úsáideach, a bhfuil luach saothair ag dul léi, a chur ar fáil, nó tacaíocht a thabhairt don imeascadh sóisialta agus gairmiúil agus do chláir oideachais inrochtana.

22. Féachaint le hinniúlachtaí agus acmhainní na seirbhísí sóisialta agus na seirbhísí agus na ngníomhaithe eile a dhéanann idirghabháil i gcúrsaí coinneála a fheabhsú, lena n-áirítear i saoráidí coinneála ar mionscála, d'fhonn rannchuidiú le hathimeascadh sóisialta agus feabhsú dálaí coinneála.

**Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:**

23. Measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le staidéar agus anailís a dhéanamh ar úsáid saoráidí coinneála ar mionscála sna Ballstáit uile chun tacú le scaipeadh dea-chleachtas náisiúnta agus chun bonn fianaise féideartha a chur ar fáil le haghaidh úsáid coinneáil ar mionscála a úsáid mar mhúnla éifeachtach coimeádta lena méadaítear an t-athshlánú agus lena laghdaítear athchiontú.

24. Cruinnithe saineolaithe a eagrú, feasacht agus malartú dea-chleachtas a mhéadú idir lucht ceaptha beartas agus cleachtóirí dlí maidir le coinneáil ar mionscála, coinneáil dhealaithe agus coinneáil atá comhtháite sa phobal agus maidir le conas is féidir dúshláin agus bacainní a shárú.

25. I gcás inarb iomchuí, agus staid agus gnéithe sonracha na mBallstát á gcur san áireamh, úsáid na coinneála ar mionscála a chur chun cinn, lena n-áirítear tithe coinneála, mar chuid dá chlár oibre chun na cearta a chosnaítear le beartais Eorpacha i réimsí an cheartais, an oideachais, na sláinte agus na folláine, na fostaíochta, na ngnóthaí sóisialta agus an chuimsithe, agus shaol an teaghlaigh a choimirciú.

26. Féachaint ar dheiseanna cistiúcháin faoi chistí de chuid an Aontais atá ann cheana agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, gan dochar do chreataí airgeadais ilbhliantúla a bheidh ann amach anseo, chun coinneáil ar mionscála a bhunú, a fhorbairt a thuilleadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear tithe coinneála, fothú acmhainneachta le comhairlí cathrach, scéimeanna píolótacha, prótacail oiliúna agus modheolaíochtaí d'fhoirne.

27. A mholadh do na Ballstáit maoiniú a lorg ó chistí an Aontais atá ann cheana agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

28. Féachaint ar dheiseanna cistiúcháin d'eagraíochtaí a d'fhéadfadh rannchuidiú le coinneáil ar mionscála a fhorbairt, mar atá an Fóram Eorpach um Cheartas Aisiríoch, Leanaí Phríosúnaigh na hEorpa, Acadaimh Oiliúna Peannaidí na hEorpa, EuroPris agus Cónaidhm an Phromhaidh Eorpaigh (CEP).

**Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an méid seo a dhéanamh:**

29. Oibriú go dlúth le Comhairle na hEorpa agus le heagraíochtaí, institiúidí agus gníomhaireachtaí ábhartha eile féachaint conas is fearr is féidir leo oibriú le chéile agus feasacht a mhúscailt maidir leis an bhféidearthacht atá ann coinneáil ar mionscála a fhorbairt agus a úsáid, lena n-áirítear tithe coinneála, mar mhalairt ar choinneáil ar mórscála.